C/2024/7112

26.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11653 – ADNOC / NAVIG8 LIMITED / NAVIG8 GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7112)

1. An 15 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Abu Dhabi Marine Business and Services Company P.J.S.C. ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Navig8 Limited ('an Díoltóir', Beirmiúda),

— Navig8 Topco Holdings Inc. ('Navig8', Oileáin Marshall), faoi úinéireacht iomlán an Díoltóra faoi láthair, agus lena n-áirítear an fhochuideachta Integr8 Fuels Holding Inc. ('Integr8', Oileáin Marshall).

Gheobhaidh ADNOC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Navig8 ina iomláine, cé is moite dá fhochuideachta Integr8. Gheobhaidh ADNOC agus an Díoltóir rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Integr8.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ADNOC ina chuid de ADNOC Group, ar grúpa fuinnimh agus peitriceimiceán é a oibríonn ar fud an tslabhra luacha hidreacarbóin uile trí líonra gnólachtaí lán-chomhtháite. Tá ADNOC faoi úinéireacht iomlán Rialtas Éimíríocht Abú Daibí. Tá sé gníomhach go príomha i dtaiscéalaíocht, táirgeadh, stóráil, scagadh agus dáileadh ola agus gáis, chomh maith le forbairt táirgí peitriceimiceacha.

— Is é an Díoltóir úinéir reatha Navig8 (lena n-áirítear Integr8).

— Is soláthraí lán-chomhtháite seirbhísí bainistíochta loingseoireachta é Navig8, a oibríonn mar úinéir, oibreoir agus cairtfhostóir gníomhach agus bróicéir bulclong leachtach, agus linnte loingseoireachta a chuimsíonn earnáil na dtancaer scagtha agus neamhscagtha agus earnáil na gceimiceán. Is gnólacht trádála breosla mhuirí (breosla umair) é Integr8, ar fochuideachta de Navig8 é.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11653 – ADNOC / NAVIG8 LIMITED / NAVIG8 GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË